

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en, bg)

14355/26
ADD 1 REV 2 (bg,cs,da,de,el,en,es,et,fi,fr,
ga,hr,hu,it,lt,lv,mt,nl,pl,pt,ro,sk,sl,sv)

SOC 655
COH 162
ENER 646
EMPL 380
ENV 1219
ECOFIN 1296

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an eisiámh tithíochta a chomhrac, lena n-áirítear an easpa dídine – <i>Glacadh</i> – <i>Ráiteas ó thoscaireacht na Bulgáire</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na Bulgáire maidir leis an Moladh thuasluaite ón gComhairle.

Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire

**maidir leis an dréacht-Mholadh ón gComhairle maidir leis an eisiamh tithíochta a chomhrac,
lena n-áirítear an easpa dídine**

Measann Poblacht na Bulgáire go bhfuil an-tábhacht ag baint le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun tithíochta, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta na cearta sin a ráthú mar luachanna bunúsacha de chuid an Aontais Eorpaigh. Oibreoidh an Bhulgáir chun an t-eisiamh tithíochta a sháru, lena n-áirítear an easpa dídine.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina léirítear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne atá ar neamhréir le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Thairis sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil a thuilleadh gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, an coincheap 'gnéas' ('пол') a úsáidtear sa Bhunreacht a úsáid ina chiall bhitheolaíoch (fir agus mná) agus sa chiall sin amháin.

Tá téarma in Aithris 34 den dréacht-Mholadh ón gComhairle maidir le dul i ngleic le heisiamh tithíochta agus le heaspa dídine, téarma nach bhfuil ag teacht leis an tuiscint dhénártha ar 'gnéas' ('пол') faoi dhlí na Bulgáire; is é sin LADTIA+, agus go sonrach an ghné 'A+'. De réir an tsainmhínithe a chuir an Coimisiún Eorpach ar fáil ina Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ do 2026–2030, cuimsíonn an ghné seo daoine nach samhlaíonn iad féin le ceachtar den dá inscne dhénártha, murab ionann agus daoine LADTI. Ní féidir glacadh leis an téarma sin mar fhriotal comhaontaithe sa Chomhairle, agus ina theannta sin, eascraíonn neamhchinnteacht dhlíthiúil as, ós rud é nach bhfuil sé soiléir cé na daoine ar cheart iad a chosaint ar idirdhealú ar an bhforas sin.

Ar na cúiseanna sin, ní thacaíonn Poblacht na Bulgáire le téacs an Mholta agus forchoimeádann sí an ceart chun na téarmaí a úsáidtear ann a léiriú agus a chur i bhfeidhm, agus é le tuiscint go bhfuil brí bhitheolaíoch amháin ag baint leis an gcoincheap 'inscne' ('пол') – fireann agus baineann – agus ní ghlacann sí le téarmaí a d'fhéadfadh dul thar an mbrí sin.